



Comhordaitheoir Rannóige Sceidil

Conradh Buan

De bharr athrú ar struchtúr na foirne is mian le TG4 Comhordaitheoir Rannóige Sceidil a earcú a bheidh lonnaithe sa gCeannáras i nGaeltacht na Gaillimhe. Ag freagairt don Bhainisteoir Sceidil, beidh an Comhordaitheoir Rannóige Sceidil i gceannas ar shruthanna oibre agus ar uainchláir oibre agus saoirí a chomhordú.

Ról Nua

Beidh an té a cheapfar freagrach as ceannasaíocht a ghlacadh ar chomhordú a dhéanamh ar chlár na Rannóige Sceidil. I measc na gcúraimí a bheidh i gceist, beidh:

- Sceidil líneacha a chur le chéile & iad a chur i bhfeidhm
- Comhordú a dhéanamh ar chlár oibre na gComhordaitheoirí Sceidil
- Clúdach saoire/tinnis srl a chomhordú sa rannóg. Ionadaíocht a dhéanamh ar bhail na rannóige agus ar an mBainisteoir de réir mar a oireann, clúdach saoire, oiliúna srl.
- Comhordú a dhéanamh ar an obair fotheidealaithe
- Craoltaí Spóirt/beochraoltaí ar ócáidí beo a shocrú agus a bheidh ar an bpointe teagmhála idir comhlachtaí léiriúcháin & láithreachais/ionchur/sceidil
- Sceidil fógraíochta a chomhordú
- Urraíocht sa sceideal líneach a chomhordú
- Pleanáil & forbairt sceidil nua i gcomhar leis an mBainisteoir Sceidil & Foireann na gClár
- Sceidil teilifíse (tv listings) - sceideal & billings a chomhordú
- Feidhmiú mar theagmhálaí maidir le sceideal TG4
- Déileáil le geallsealbhóirí seachtracha ar son rannóg sceidil TG4 – léiritheoirí, eagrais, Post TV srl

Nithe atá riachtanach don phost seo:

A bheidh tiomanta Fís, Misean agus Straitéis TG4 a chur i bhfeidhm.

A bheidh ábalta feidhmiú go muiníneach as do stuaim féin, go héifeachtach i dtimpeallacht spreagúil.

Fócas dearfach, cumas maith foirne agus taithí chruthaithe ar fhoireann bheag a chomhordú.

Taithí mhaith ar chúrsaí riaracháin agus ríomhaireachta (ardtuiscint ar What'sOn, Mediator, Excel, MS Office agus ábalta córais nua a fhoghlaim go tapa).

A bheidh ábalta spriocanna oibre a chomhlíonadh agus a chinntiú go mbeidh ábhar, a bheidh ar ardchaighdeán, réidh agus ar fáil in am.

Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4 agus mar sin tá sé riachtanach go mbeadh Gaeilge den scoth ag an té a cheapfar, idir labhairt agus scríobh na teanga.

Is 4pm Dé Luain an 30 Samhain an spriocdháta d'iarratais. Seol d'iarratas mar aon le litir iarratais chuig cv@tg4.ie.

Is fostóir comhionannas deiseanna é TG4. Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4. Tacaíonn TG4 le daoine faoi mhíchumas a fhosú.